



Glantóirí Aeir – Freagraí ar bhur gCeisteanna

Bealtaine 2021

1. Glantóirí Aeir seomraí – míniú

Is aonaid ghlanscartha iad glantóirí aeir seomraí a bhíonn suite sa seomra ina bhfuil siad le húsáid, agus ní mór iad a cheangal le soicéad cumhachta. Go hiondúil bíonn scagaire nó scagairí iontu agus gaothrán a tharraingíonn aer isteach thar an gcóras scagtha agus a chaitheann aer glanta ar ais isteach sa seomra. De réir mar a ghluaiseann aer tríd an scagaire, ceaptar truailléin agus cáithníní.

2. An difear idir glantóir aeir seomra agus íontóir aeir

Tá scagairí ardéifeactacha (scagairí HEPA) laistigh de ghlantóirí aeir a bhaineann éilleáin as an aer a chuirtear tríothu, ach déanann íontóirí aeir díghalrú ar an aer trí iain dhiúltacha nó ózón a chur amach, tríd an teas a úsáid nó le lampaí UV nó UVC.

3. Cén uair is féidir glantóirí aeir seomra nó Íontóirí Aeir a úsáid:

Sa chás go bhfuil beartais phraiticiúla déanta maidir le cleachtais mhaithe don aeráil, agus go bhfuil an drochaeráil fós ann i seomra/achar áirithe, is féidir breithniú a dhéanamh ar ghlantóirí aeir mar bheartas breise i gcomhar le modhanna eile aerála atá ar fáil. Sa chás sin ba chóir breithniú a dhéanamh faoi ghlantóir aeir le scagaire HEPA.

4. Teicneolaíocht na radaíochta ultraivialeite:

Baineann teicneolaíocht na radaíochta ultravialeite (UVC) leas as lampaí ultraivialeite agus is iondúil go mbíonn siad in úsáid in ionaid chúraim sláinte chun spásanna ar nós obrádlann a dhíghalrú. Níor chóir lampaí ultraivialeite a úsáid chun lámha a dhíghalrú ná aon chuid eile den chraiceann. Ní mór gan ligean don teagmháil idir radaíocht UVC agus na súile ná aon chraiceann. Ní féidir a bheith istigh i seomraí agus gléasanna UVC díreach ar obair iontu agus ag cur amach, mar sin ní féidir úsáid a bhaint as lampaí UVC díreach ach chun an spás a dhíghalrú idir babhtaí úsáide, agus ní féidir leo cabhrú leis an aer le linn do dhaoine bheith istigh sna seomraí. Is féidir UVC a úsáid i spásanna a bhfuil daoine iontu mar chuid d'aonad iata aeir ghlain. Más rud é go bhfuiltear ag smaoineamh faoi theicneolaíocht UVC díreach, ní mór comhairle ghairmiúil a fháil ó Innealtóir Cairte Comhairliúcháin Seirbhísí Tógála.

5. Glantóir aeir a aimsiú

Is fearr teacht ar sholáthraithe áitiúla/náisiúnta glantóirí aeir trí theagmhálacha áitiúla nó trí chuardach gréasáin, agus dul i gcomhairle leo chun riar ar do riachtanas. Ba chóir leas a bhaint as an treoir atá ar fáil in aguisín a haon de **Céimeanna Praiteiciúla chun Feidhm a Bhaint as Dea-Chleachtais Aerála i Scoileanna V3 Bealtaine 2021** chun cabhrú leat tuiscint a fháil ar na réimsí a bhíonn le breithniú sa chomhairliúchán seo. Tar éis comhairliúchán a dhéanamh le soláthraí, más dóigh le scoil go bhfuil comhairle speisialta de dhíth faoina spás áirithe féin, is cóir ansin cúnaimh a lorg ó Innealtóir Cairte nó Ailtire Cláraithe.

6. Is féidir glantóirí aeir a cheannach nó a fháil ar cíós

Is féidir aonaid a cheannach amach nó a fháil ar cíós ó sholáthraithe seirbhísí sláinteachais agus ó chomhlachtaí fruilithe (is minic a dhéanann na comhlachtaí fruilithe cothabháil ar na haonaid chomh maith).

7. Glantóir aeir oiriúnach a roghnú

Tá an rogha glantóra aeir ag brath ar an suíomh áirithe agus ní féidir réiteach amháin a thabhairt do gach uile chás, nó riail shimplí is féidir le gach duine a leanúint.

8. Scagairí Aeir

Is iondúil gur scagadh meicniúil a úsáideann scagairí aeir, a chiallaíonn go gceapann na scagairí iontu na truailleáin a théann tríothu. Is iondúil go mbíonn ar a laghad dhá scagaire mar sin ag glantóirí aeir: réamhscagaire, a cheapann cáithníní móra deannaigh, pailine, feithidí agus fionnadh ainmhithe, agus an príomhscagaire, a cheapann truailleáin níos lú. Is scagaire é an réamhscagaire a bhaineann truailleáin mhóra, nach bhfuil de dhíth, as an aer. Is féidir leis an réamhscagaire a bheith indiúscartha nó a ghlanadh nó a fholúsghlanadh. Tá ról freisin ag an réamhscagaire maidir le síneadh a chur le fad saoil na scagairí níos mine a bhíonn ann tar éis an réamhscagaire, ar nós an scagaire HEPA. Is dócha gurb iad is éifeachtaí ná glantóirí aeir atá bunaithe ar scagadh le scagaire HEPA.

9. Méid an ghlantóra agus an rogha

Is tábhachtach aonad a roghnú atá inn ann déileáil le riachtanais an spáis ina bhfuil sé le cur. Ní leor gléasanna beaga deisce i spásanna móra, agus bheadh glantóirí mór iomarcach i seomraí níos lú. Slat tomhais amháin a bhíonn in úsáid i sonraíochtaí glantóirí aeir ná cumas an aonaid sruth aeir a sholáthar ina $m^3/uair$ nó an ráta athraithe aeir ina athruithe aeir san uair (ACH). Is iondúil go mbíonn an tslat tomhais seo san áireamh i mbileoga feidhimiúchain an aonaid ghlanta aeir. Bíonn lipéad ar an gcuid is mó de na glantóirí aeir a thugann le fios a n-uimhir don ráta soláthair ar aer glan (CADR). Déanann an CADR sainmhíniú ar éifeachtúlacht an ghlantóra aeir maidir le cáithníní a laghdú agus is iondúil go mbíonn sé luaite ina $m^3/uair$. Go ginearálta, dá airde an uimhir, is mó an líon cáithníní is féidir leis an nglantóir aeir a bhaint, agus is mó an seomra ar féidir brath go réasúnta ar an ngléas é a ghlanadh.

10. Glantóir aeir a úsáid chun tacú leis an aeráil nadúrtha

Is tábhachtach a mheabhrú go bhfuil an glantóir aeir in úsáid agat mar thacaíocht leis an aeráil nadúrtha agus gur chóir sin a chur san áireamh agus tú ag roghnú d'aonaid. Is cóir é a roghnú chun an bhearna a líonadh san aeráil go gearrthéarmach, le go bhfaighfear deis réiteach buan aerála a shocrú.

11. Tionchar glantóirí aeir ar CO₂

Ní bhaineann glantóir aeir aon CO₂. Is amhlaidh a dhéanann aer úr tuaslagan ar leibhéal CO₂. Mar sin de ní bheidh tionchar ag an nglantóir aeir i seomra ar thomhas CO₂ ach cabhróidh sé le baint/le rialú agus tabharfaidh méid eile réamhchúraim in áit ar beag an aeráil.

12. Glantóirí aeir mar bheart breise

Níor chóir glantóirí aeir a úsáid chun dul in áit na haerála féin. Is beart breise réamhchúraim iad sa chás go bhfuil drochaeráil ann agus ba chóir iad a úsáid i gcomhar le modhanna eile aerála atá ar fáil.

13. Cén uair is cóir an glantóir aeir a úsáid

Níl leas ar bith le baint as an nglantóir aeir a fhágáil ar obair agus an scoil dúnta. Níor chóir iad a chur ar obair ach an uair a bhíonn an seomra in úsáid i rith an lae.

14. Glantóirí aeir agus torann

Bíonn gaothráin istigh i nglantóirí aeir a tharraingíonn an t-aer trí shraith scagairí. Ní bhíonn an oiread torainn ó chuid de na gaothráin seo, go háirithe agus socrú íseal i gceist, ach tá cinn eile ann a mbeidh torann astu de réir mar a chuirtear luas iontu. Is tábhachtach gléas a roghnú a fheileann don leibhéal torainn sa spás ina bhfuil an gléas ar obair. Is féidir cabhrú leis seo má roghnaítear an t-aonad is féidir an ACH agus CADR a sholáthar agus é faoi shocrú íseal. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi fheidhmíocht fuaime i spásanna éagsúla scoile ach breathnú ar <https://www.education.ie/en/School-Design/Technical-Guidance-Documents/Archived-Technical-Guidance/TGD021-5-Acoustic-Performance-in-New-Primary-Post-Primary-School-Buildings.pdf>.

15. Cothabháil na nglantóirí aeir

Ní mór scagairí a athrú go rialta, bunaithe ar an úsáid atáthar a bhaint astu. Mar sin, ní mór taifead a choinneáil ar uaireanta oibre an aonaid agus moltaí an déantóra a leanúint maidir le glanadh an scagaire, agus scagaire nua a chur isteach. B'fhéidir gur mhaith an rud é scagairí nua a bheith ar láimh agat.